Leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúrsaí fuinnimh in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad iad na slite difriúla ina n-úsáideann sibh leictreachas gach lá? Cad as a dtagann an leictreachas sin? Cén tionchar atá ag foinsí cumhachta ar an timpeallacht? An bhfuil modhanna nua ann chun leictreachas a chur ar fáil gan dochar a dhéanamh don timpeallacht? Déan cur síos orthu sin.

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. Minister for Natural Resources _____
2. a big reduction _____
3. more competition _____
4. criticised by the opposition _____
5. the cost of that energy _____
6. to generate electricity _____
7. greenhouse gas emissions _____
8. demand _____
9. significant decrease _____
10. ownership _____
11. for independent companies _____
12. to provide an electricity service _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad í an phríomhaidhm atá leagtha amach i bpolasaí nua fuinnimh an rialtais?

2. Cén dearcadh atá ag an bhfreasúra maidir le polasaí nua an rialtais?

2. Cén t-ardú atá tagtha ar fhuinneamh ón ngaoth in Éirinn le dhá bhliain anuas?

3. Cén sprioc atá ag an Aontas Eorpach don cheithre bhliain déag amach romhainn?

4. Cén gheallúint a thug an rialtas inniu maidir le costas an fhuinnimh?

Ceist 4 ‘Deirtear sa bpáipéar *go dtiocfaidh* laghdú mór ar chostas an leictreachais.’
‘Meastar *go mbeidh* ardú 30% ar éileamh ar fhuinneamh sa tír seo faoin mbliain 2020.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Tá súil ag an amhránaí go _____ sí go leor dlúthdhioscaí sa bhliain atá romhainn. (díol)

2. Deir na heolaithe go _____ an domhain níos teo sna blianta amach romhainn. (éirigh)

3. Dúirt mé le Máire go _____ mé léi sa bhialann ar a seacht a chlog tráthnóna amárach. (buail)

4. Gheall Pádraig dá bhean chéile go _____ sé uirthi uair sa tseachtain nuair a bhéas sé thar lear. (glaoigh)

5. Abair le Seán go _____ mé é sa chaifé ar ball. (feic)

Ceist 5 ‘Beidh béim á chur ar fhuinnimh in-athnuaite chun *leictreachas a ghinniúint* as seo amach.’
‘Beidh an tAontas Eorpach ag iarraidh *astuithe a ghearradh*.’

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na colúin thíos a cheangal?

1	leictreachas	a	a infheistiú
2	clár teilifíse	b	a réiteach
3	conradh	c	a chur in iúl
4	airgead	d	a fhoilsiú
5	polasaí nua	e	a leagadh
6	fadhb	f	a athchúrsáil
7	tuairim	g	a ghinniúint
8	solas	h	a chur
9	leabhar	i	a shíniú
10	seanteach	j	a mhúchadh
11	síol	k	a fhógairt
12	gloine	l	a chraoladh

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: Cad iad na slite difriúla ar féidir leictreachas a shábháil? Smaoinigh ar na slite a chuireann daoine leictreachas amú? Cad is féidir leis an rialtas a dhéanamh chun leictreachas a shábháil?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. Aire Acmhainní Nádúrtha
2. laghdú mór
3. tuilleadh iomaíochta
4. cáinte ag an bhfreasúra
5. costas an fhuinnimh sin
6. leictreachas a ghinniúint
7. astuithe ceaptha teasa
8. éileamh
9. ísliú suntasach
10. úinéireacht
11. do chomhlachtaí neamhspleacha
12. seirbhís leictreachais a sholáthar

Ceist 3

1. Is í an phríomhaidhm atá sa pholasaí nua ná go dtiocfaidh an tríú cuid dár leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.
2. Tá an polasaí nua cáinte ag an bhfreasúra a deir nach bhfuil tada nua ann.
3. Le dhá bhliain anuas tá ardú 600% tagtha ar fhuinneamh ón ngaoth in Éirinn.
4. Beidh an tAontas Eorpach ag iarraidh an n-astuithe ceaptha teasa a ghearradh 20% taobh istigh den cheithre bliana déag amach romhainn.
5. Gheall an rialtas inniu go mbeidh ísliú suntasach ar chostas leictreachais roimh dheireadh na bliana mar gheall ar tuilleadh iomaíochta sa mhargadh.

Ceist 4
An aimsir fháistineach sa chaint indíreach atá i gceist anseo.

1. go ndíolfaidh
2. go n-éireoidh
3. go mbuailfidh
4. go nglaofaidh
5. go bhfeicfidh

Ceist 5

1g, 2l, 3i, 4a, 5k, 6b, 7c, 8j, 9d, 10e, 11h, 12f.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá an Páipéar Bán ar chúrsaí fuinnimh seolta ag an Taoiseach Bertie Ahern agus ag an Aire Acmhainní Nádúrtha Noel Dempsey. Deirtear sa bpáipéar go dtiocfaidh laghdú mór ar chostas an leictreachais sa tír seo mar go mbeidh tuilleadh iomaíochta sa mhargadh.[1] Tá an polasaí nua cáinte ag an bhfreasúra a deir nach bhfuil tada nua ann. Tá tuairisc ag Áine Lally.

Áine Lally

Go deimhin ón chéad chupán tae ar maidin go dtí go múchann muid na soilse san oíche, tá leictreachas agus fuinneamh tábhachtach dúinn uilig. Úsáideann muid an oiread sin de[2] go bhfuil an chaint uilig anois tosaithe faoi fhuinneamh[3] glan, an timpeallacht agus costas an fhuinnimh sin. Fógraíodh inniu go bhfuil an rialtas ag iarraidh go dtiocfaidh an tríú cuid dár leictreachas ó fhoinsí athnuachana faoin mbliain 2020. Céard go díreach atá i gceist leis seo? Mar shampla, in áit a bheith ag díriú isteach ar ola, móin, gual agus gás, beidh béim an-mhór á chur ar fhuinnimh athnuachana chun leictreachas a ghinniúint as seo amach, 'siad sin an ghaoth, an taoille agus an ghrian. Le dhá bhliain anuas tá ardú 600% tagtha ar fhuinneamh ón ngaoth anseo in Éirinn. Teastaíonn ón rialtas, a deir siad inniu, cur go mór leis an méid sin. Faoi láthair iompórtálann Éire[4] thart ar 90% de fhuinneamh na tíre. Cuireann siad seo maraon le hola agus le gual leis an ráta an-ard astuithe ceaptha teasa. Meastar go mbeidh ardú 30% ar éileamh ar fhuinneamh sa tír seo faoin mbliain 2020. Beidh an tAontas Eorpach ag iarraidh na n-astuithe ceaptha teasa a ghearradh 20% taobh istigh den cheithre bliana déag amach romhainn. Gheall an rialtas inniu go mbeidh ísliú suntasach ar chostas leictreachais roimh dheireadh na bliana. An chúis[5] leis seo ná tuilleadh iomaíochta sa mhargadh.[6] Tá úinéireacht na n-eangach tarchuradóireachta aistrithe ón mBord Soláthar Leictreachais go dtí an comhlacht *Eirgrid*. Anois tá na doirse oscailte do chomhlachtaí neamhspleacha ar mhaithe le seirbhís leictreachais a sholáthar, rud a chiallaíonn go mbeidh siad ag dul san iomaíocht leis an mBord Soláthar Leictreachais. Anois ó tharla go bhfuil an páipéar bán foilsithe, is í an chéad chéim eile ná an méid atá ann[7] a chur i bhfeidhm.

Áine Lally, Nuacht TG4, i nGaillimh

[1] *sa margadh* a deirtear sa mhír
[2] *an oiread sin dó* a deirtear sa mhír
[3] *faoi fuinneamh* a deirtear sa mhír
[4] *Éirinn* a deirtear sa mhír
[5] *an cúis* a deirtear sa mhír
[6] *sa margadh* a deirtear sa mhír
[7] *an méid atá inti* a deirtear sa mhír